# BIKE *life*

## 2019

**Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath**




NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

sustrans
JOIN THE MOVEMENT



# Raonta a chruthú

## Ár bhfís don rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath



Tá ríméad ar an Údarás Náisiúnta Iompair gur chláraigh Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath leis an gclár Bike Life, mar atá déanta ag 16 gcathair agus limistéar uirbeach sa Ríocht Aontaithe.

B'uaillmhian de chuid an Údaráis é le tamall anuas taighde ar rothaíocht a dhéanamh agus a fhoilsiú. Tugtar faisnéis thar a bheith áisiúil sa tuarascáil chaighdeánaithe, Bike Life, faoin tslí agus faoin gcúis a roghnaíonn lucht Bhaile Átha Cliath a bheith nó gan a bheith ag rothaíocht, faoina ndearcadh i leith na rothaíochta agus faoi cháilíocht na timpeallachta rothaíochta.

Tá borradh mór faoin rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas. Tá cultúr rothaíochta atá láidir agus fós ag fás tagtha chun cinn a bhuíochas do mheascán cúinsí, lena n-áirítear cosc ar thrucailí móra ar shráideanna i lár na cathrach, Scéim Sábhála Cánach na Rothar Chun Oibre, bonneagar feabhsaithe agus cur i bhfeidhm na scéime Rothair Bhaile Átha Cliath agus scéimeanna eile rothar ar cíos. Léirítear sa tuarascáil seo chomh coitianta is atá an rothaíocht; bíonn 24% - beagnach duine as gach ceathrar daoine fásta – ag rothaíocht uair amháin sa tseachtain ar a laghad, lena n-áirítear 11% ag rothaíocht 5 lá sa tseachtain nó níos mó.


Cur chuige straitéiseach atá ag an Údarás maidir leis an rothaíocht a chur chun cinn mar mhodh iompair. Foilsíodh na Treoirlínte um Dhearadh Rothaíochta, agus ina dhiaidh sin an Plean Gréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, clár soláthair bonneagair faoin gClár Deontais um Bearta Iompair, le tacaíocht ó chlár maidir le hathrú iompraíochta dar teideal Taisteal Níos Cliste.

An toradh a bhí ar an gcur chuige sin, feabhas ar an gcaighdeán deartha d'áiseanna rothaíochta, dírithe ar na húsáideoirí sin a mbíonn "drogall roimh rioscaí", beag beann ar aois ná inscne, is mór acu an deis dul ag rothaíocht ach nach mbíonn sásta rothaíocht i dtosca strusmhara tráchta. Is ábhar misnigh é go léiríonn an taighde in Bike Life gur cheart an cur chuige sin, agus formhór mór (84%) Lucht Bhaile Átha Cliath ag tacú le bonneagar rothaíochta scartha fhisiciúil, fiú má chiallaíonn sin níos lú spáis don trácht eile ar na bóithre, agus 69% a rá go dtabharfadh na háiseanna sin níos mó spreagtha dóibh dul ag rothaíocht.

Mar a léirítear sa tuarascáil seo, de bharr na mbuntáistí a bhaineann leis an rothaíocht don tsláinte agus don timpeallacht, agus de bharr an luach ar airgead arna sholáthar ag bonneagar rothaíochta, is cuid riachtanach de thodhchaí iompair Bhaile Átha Cliath é an rothar. Leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar aghaidh ag infheistiú i mbonneagar rothaíochta ardcháilíochta tríd an gclár Bus Connects agus trínár gcomhoibriú leis na hÚdaráis Áitiúla chun Gréasán Rothaíochta Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath a chur ar fáil.

Tugann an tuarascáil seo spreagadh dúinn ár n-iarrachtaí a ghéarú agus cabhróidh Bike Life linn, sna blianta amach anseo, ár ndul chun cinn a rianú ó thaobh cathair rothaíochta den chéad scoth a sholáthar, rud is léir a theastaíonn ó Lucht Bhaile Átha Cliath.

**Anne Graham**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**



## Clár


4 Achoimre ar an Tuarascáil
6 Tairbhe a fhíorú
8 Rannpháirtíocht i rothaíocht
10 Neamhionannas sóisialta agus soghluaisteacht shóisialta
12 Bacainní
14 Réitigh
17 Rothaíocht a fheabhsú
19 Rothaíocht sa todhchaí


## Tús eolais ar Bike Life

Is é Bike Life an measúnú is mó sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ar rothaíocht i limistéir uirbeacha. Sustrans a dhéanann an measúnú, i gcomhar le 16 chathair agus limistéar uirbeach. Tugann gach cathair* tuairisc ar an dul chun cinn maidir le modh taistil tarraingteach agus coitianta a dhéanamh den rothaíochta.

Eisíonn Bike Life tuarascáil gach dhá bhliain. In 2015 agus 2017, d'fhoilsigh seacht gcathair tuarascálacha. D'fhoilsigh Glaschú, Perth agus Stirling a gcéad tuarascálacha in 2018.

Tá ceithre limistéar déag rannpháirteach in Bike Life in 2019. Ina measc siúd tá an chéad bhuirg i Londain, Tower Hamlets, agus an chéad chathair taobh amuigh den Ríocht Aontaithe, Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath.

Is é seo an chéad tuarascáil ó Bhaile Átha Cliath, agus rinneadh í i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Náisiúnta Iompair Éireann. Fuarthas an fhaisnéis sa tuarascáil seo ó shonraí áitiúla maidir le rothaíocht, ó shamhaltú agus ó shuirbhé neamhspleách ar 1,106 chónaitheoir 16 bliana d'aois nó níos sine.** An chuideachta taighde margaidh neamhspleách, Behaviour & Attitudes, a rinne an suirbhé a dhéanann ionadaíocht ar gach cónaitheoir, ní ar na cinn a théann ag rothaíocht agus orthu sin amháin.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na tuarascálacha Bike Life go léir le fáil ag **www.sustrans.org.uk/bikelife**

Gabhaimid buíochas le muintir Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath a ghlac páirt sa suirbhé agus a roinn a scéalta linn.




*Baintear úsáid as 'cathair' mar ghiorrúchán ar chathracha, réigiúin chathracha agus buirgí Bike Life.
**Rinneadh an suirbhé i Meitheamh agus Iúil 2019.

# Achoimre ar an tuarascáil

## Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath

**Daonra***

1,408,010

**Limistéar suirbhé**




### Is chun leasa gach duine é go mbíonn tuilleadh daoine ag rothaíocht

Baineann rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath suas le

**60,000 carr ón mbóthar gach lá**

Bunaithe ar rothaíocht a dhéanann daoine a chónaíonn i líon tí a bhfuil carr aige. Ní áirítear turais rothaíochta ar mhaithe le fóillíocht.

Gach bliain, déanann an rothaíocht:

- **490** riocht sláinte fadtéarmach agus tromchúiseach a chosc
- **28,000 tonna** astaíochtaí gás ceaptha teasa a shábháil
- **€258.5 milliún** i dtairbhe eacnamaíoch do dhaoine aonair agus don chathair a chruthú

**Bíonn 24% de na cónaitheoirí fásta ag rothaíocht ar a laghad uair amháin sa tseachtain**

1–4 lá sa tseachtain: **13%**

5+ lá sa tseachtain: **11%**

**21%**

an líon daoine nach mbíonn ag rothaíocht ach ar mian leo rothaíocht

### Imní faoi chúrsaí sábháilteachta a fhágann nach rogha taistil do go leor cónaitheoirí í an rothaíocht

Is lú an seans go rachaidh go leor cónaitheoirí ag rothaíocht go rialta, mar shampla mná agus daoine faoi mhíchumas. Is mian le gach grúpa go bhfeabhsófaí sábháilteacht rothaíochta, áfach.

**An cion cónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht ar a laghad uair sa tseachtain**

- **14%** de mhná
- **35%** d'fhir
- **5%** de dhaoine faoi mhíchumas
- **26%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

**An cion cónaitheoirí a cheapann go bhfuil feabhas ag teacht ar riachtanais sábháilteachta rothaíochta**

- **71%** de mhná
- **64%** d'fhir
- **55%** de dhaoine faoi mhíchumas
- **69%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

### Chun cabhrú le cónaitheoirí a bheith ag rothaíocht níos minice, tá bonneagar rothaíochta níos fearr de dhíth

**69%**

an líon daoine a cheapann go mbeadh tuilleadh rianta rothar a bheadh scoite go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe áisiúil chun cabhrú leo a bheith ag rothaíocht níos minice

**84%**

an líon daoine a thacaíonn le níos mó de na lánaí sin a thógáil, fiú dá gciallódh sin níos lú spáis don trácht eile ar na bóithre

**84 an líon ciliméadar**

de raonta rothar atá scoite go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe atá ann cheana féin i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath

*Daonáireamh 2016

## Is iad na daoine i ngrúpaí socheacnamaíochta D agus E is lú seans go mbeidh carr acu agus go rachaidh siad ag rothaíocht

**An cion cónaitheoirí ó ghrúpaí socheacnamaíocha AB nó DE a bhfuil carr nó veain ag an líon tí**

**92%** de na daoine ó ghrúpaí AB

**68%** de na daoine ó ghrúpaí DE

Tá rothaíocht, mar mhodh iompair, thar a bheith oiriúnach don saol uirbeach.

Féadfaidh cathracha atá deartha don rothaíocht cabhrú le go leor cónaitheoirí rochtain a fháil ar ghnáthsheirbhísí agus leithlisiú sóisialta agus eacnamaíoch a laghdú.

Is rangú de chuid an Association of Irish Market Research Organisations (AIMRO) é grúpa socheacnamaíoch, atá bunaithe ar shlí bheatha. Baineann Grúpaí A agus B le gairmeacha agus le bainistíocht. Baineann Grúpaí D agus E le poist láimhe leathoilte agus neamhoilte agus le daoine nach bhfuil fostaithe.

Ní théann

**81%**

de chónaitheoirí ó ghrúpaí socheacnamaíocha D agus E ag rothaíocht riamh, ach ba mhian le

**21%**

tosú.

Is ionann sin agus

**69,000 duine fásta**

## Creideann cónaitheoirí go ndéanfaí limistéir níos fearr dá sráideanna, maidir le bheith ag cónaí nó ag obair iontu, nó le cuairt a thabhairt orthu, ach iad a fheabhsú le go bhféadfaí rothaíocht agus siúl orthu

**Ceapann 78%**

go ndéanfaí áit níos fearr dá limistéar, maidir le bheith ag cónaí agus ag obair ann, dá ndéanfaí tuilleadh rothaíochta ann

**Ceapann 82%**

gur cheart tuilleadh spáis a thabhairt do dhaoine le bheith ag bualadh le chéile, ag rothaíocht agus ag siúl ar a bpríomhshráid áitiúil.

**Ceapann 58%**

gur cheart na sráideanna taobh amuigh de scoileanna áitiúla a dhúnadh do charranna ag amanna a mbítear ag tabhairt leanaí chun na scoile agus á mbailiú

**Ceapann 59%**

go gcabhródh níos lú mótarfheithiclí ar ár sráideanna leo níos mó rothaíochta a dhéanamh

**Ceapann 72%**

gur cheart teorainneacha luais a laghdú ar bhóithre áitiúla



**Ba mhaith le cónaitheoirí dá gcaithfeadh an rialtas tuilleadh airgid ar rothaíocht, ar iompar poiblí agus ar shiúl**

**75%** ar rothaíocht

**71%** ar iompar poiblí

**61%** ar shiúl

**34%** ar thiomáint

**Alan Downey**

*Beirim mo bheirt leanaí ar scoil gach lá ar mo rothar e-cargo agus bainim tairbhe as agaí comaitéireachta leanúnacha, easpa imní faoi pháirceáil agus feabhas a chur ar mo shláinte agus folláine.*





# Tairbhe a fhíorú

## An chúis gur chun leasa gach duine é nuair a bhíonn níos mó daoine ag rothaíocht

**Le chéile, téann cónaitheoirí Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath timpeall na cruinne 26 uair gach lá ar a gcuid rothar**

Aontaíonn **78%** go ndéanfaí áit níos fearr le cónaí agus le hoibriú inti de Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath ach tuilleadh rothaíochta a dhéanamh

Rinneadh


**70.5 milliún turas**

ar rothair le bliain anuas, is é sin

**375.1 milliún ciliméadar**

≈ **1 milliún** ciliméadar gach lá

**Turais bhliantúla ar rothair de réir cuspóra***




*Áirítear daoine fásta agus leanaí le turais fóillíochta. Taispeántar turais oideachais ar leithligh do dhaoine fásta agus do leanaí. Daoine fásta amháin a bhaineann le gach turas eile. Tugann Daonáireamh 2016 na sonraí faoi thurais scoile leanaí agus an fhaisnéis chun turais fóillíochta leanaí a ríomh.

**Coinnítear an Limistéar Cathrach ag gluaiseacht le Rothaíocht**

Léiríonn staidéir go gcruthaíonn rothaíocht spás ar na bóithre, i gcomparáid le tiomáint.** Cabhraíonn sin leis an Limistéar Cathrach a choinneáil ag gluaiseacht, do gach úsáideoir bóithre. Déantar

**60,000 turas fillte ar rothar**

ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Dá mbeadh na carranna sin go léir i dtranglam tráchta bheadh sé

**288 ciliméadar**


ar fhad – an t-achar ó Bhaile Átha Cliath go Cionn tSáile



**Litman, 2017. Evaluating Transportation Land Use Impacts. Based upon Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.

## Soláthraítear buntáistí sláinte do chách le rothaíocht

**Cuireann rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath cosc ar 490 riocht sláinte fadtéarmach agus tromchúiseach gach bliain†**




I measc 'Ríochtaí eile' tá diaibéiteas cineál 2, stróc, ailse chíche, ailse cholaireicteach.

Sábháiltear

**€4.6 milliún sa bhliain†**

do FSS sa Limistéar Cathrach agus is ionann sin agus an costas a bhaineann le

**83,000 coinne le Dochtúir Teaghlaigh**

† Bunaithe ar uirlis MOVES de chuid Sport England, arna leasú do Phoblacht na hÉireann, a thaispeánann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ó spórt agus ó ghníomhaíocht fhisiciúil.

Cuireann na buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil ón rothaíocht

**cosc ar 52 bás luath sa bhliain††**

Is ionann an luach a luaitear leis sin agus

**€263 milliún**

††Bunaithe ar an Uirlis um Measúnú Eacnamaíochta Sláinte (Europe Health Economic Assessment Tool (HEAT))/EDS, lena dtugtar deis measúnú eacnamaíochta a dhéanamh ar na buntáistí sláinte ón rothaíocht ach meastachán a thabhairt ar luach na básmhaireachta laghdaithe mar thoradh ar mhéideanna sonracha rothaíochta.

Cuirtear feabhas ar chaighdeán an aeir nuair a bhíonn níos mó daoine ag rothaíocht:

**190,000 kg $NO_x$**

agus

**9,000 kg cáithníní**

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) arna sábháil sa bhliain.

I bPoblacht na hÉireann, faigheann **1,100** duine fásta bás ró-luath gach bliain sa chás go meastar gur toisc rannpháirteach é bheith faoi le truailliú aeir (PM2.5) go fadtéarmach.

Caighdeán an Aeir san Eoraip 2019, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil EEA Tuarascáil Uimh. 10/2019. Daoine fásta = 30+ bliana d'aois.

## Cabhraítear le tionchar ár ngéarchéime aeráide a laghdú le rothaíocht

Sábháiltear

**28,000 tonnes**

astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain, méid is ionann le lorg carbóin

**400,000 duine ar eitiltí**

ó Bhaile Átha Cliath go hAerfort Heathrow i Londain

Iompar is cúis anois le 20% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa Phoblacht na hÉireann, agus is carranna peitril agus díosail na príomhfhoinsí. Tríd is tríd, tháinig ardú 10% ar astaíochtaí Phoblacht na hÉireann idir 1990 agus 2017; mar sin féin, tháinig ardú 133% ar astaíochtaí ó iompar.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2017.

## Soláthraítear buntáistí do chónaitheoirí agus don gheilleagar áitiúil le rothaíocht

**€1.00**

an glansochar do dhaoine aonair agus don tsochaí ó gach ciliméadar a thaistealaítear ar rothar seachas i gcarr

Bunaítear na figiúirí seo ar an tSamhail um Leas don tSochaí, lena dtugtar luach airgid ar na costais agus ar na buntáistí a bhaineann le tiomáint agus le rothaíocht. Áirítear air sin am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, costais liachta agus neamhláithreachas ón obair, plódú, bonneagar, caighdeán an aeir áitiúil, torann, gáis ceaptha teasa agus cánachas.

Ar an iomlán, is ionann sin agus:

**€170 milliún**

sa bhliain ó dhaoine a bhfuil carr acu agus a roghnaíonn rothaíocht mar mhodh iompair, nó

**€258.5 milliún**

sa bhliain ó na turais go léir a dhéantar ar rothar





# Rannpháirtíocht i rothaíocht


## Cé a bhíonn ag rothaíocht agus cé chomh minic?

**Ní bhíonn formhór na ndaoine a chónaíonn i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath ag rothaíocht faoi láthair**

Cé go mbíonn go leor daoine ag rothaíocht, tá rannpháirtíocht inti i bhfad níos ísle ná mar atá i modhanna eile taistil.

Nuair a leagtar amach cathracha chun rothaíocht a dhéanamh níos tarraingtí ná modhanna eile taistil, féadfaidh rannpháirtíocht a bheith ard. Mar shampla, bíonn **29%** de chónaitheoirí ag rothaíocht cúig uair sa tseachtain nó níos mó i Mórcheantar Cambridge.*

**Cónaitheoirí a thaistealaíonn ar na modhanna seo a leanas cúig lá sa tseachtain nó níos mó**





**90%**
an líon cónaitheoirí a shiúlann ar a laghad uair sa tseachtain

**24%**
an líon cónaitheoirí a rothaíonn ar a laghad uair sa tseachtain

Cé gur léir gur ghá feabhas a chur ar an timpeallacht siúil, tá spás cosanta ann go ginearálta – cosáin.

I gcomparáid leis sin, ní féidir rothaíocht go dtí formhór na n-áiteanna a théitear gach lá ach amháin sa chás go bhfuil daoine sásta an spás bóthair a roinnt le mótarfheithiclí.

**Cé chomh minic a bhíonn cónaitheoirí ag rothaíocht agus ag siúl?**




*Bike Life Greater Cambridge 2019.
**Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir.

## Cé chomh uilechuimsitheach agus atá rothaíocht?

Níl comhionannas i gceist leis an rannpháirtíocht i rothaíocht i ngrúpaí déimeagrafacha éagsúla.

Féadfaidh tuilleadh bacainní ar rothaíocht a bheith roimh ghrúpaí déimeagrafacha éagsúla, ach léiríonn cathracha lena mbaineann ardrátaí rothaíochta nach amhlaidh an cás i gcónaí.

Mná dhéanann 55% de na turais rothaíochta go léir san Ísiltír. Ina theannta sin, déanann daoine os cionn 65 bliana d'aois 24% dá gcuid turas ar an rothar, céatadán níos airde ná mar a thuairiscítear d'aoisghrúpa ar bith eile os cionn 26 bliana d'aois.

Pucher and Buehler, 2008.
Making Cycling Irresistible,
Transport Reviews, Eag. 28.

### An cion cónaitheoirí i ngrúpaí déimeagrafacha éagsúla a bhíonn ag rothaíocht ar a laghad uair sa tseachtain

**Inscne**

| | |
|---|---|
| 14% | de mná |
| 35% | d'fhir |

**Eitneacht**

| | |
|---|---|
| 24% | de daoine geala |
| 25% | de daoine ó ghrúpaí mionlach eitneach |

**Míchumas†**

| | |
|---|---|
| 5% | de daoine faoi mhíchumas |
| 26% | de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas |

**Aois**

| | |
|---|---|
| 40% | de daoine idir 16–25 |
| 29% | de daoine idir 26–35 |
| 26% | de daoine idir 36–45 |
| 23% | de daoine idir 46–55 |
| 13% | de daoine idir 56–65 |
| 6% | de daoine idir 66+ |



**Bridget Kiely, Dochtúir Teaghlaigh**

Chomh maith le bheith ag rothaíocht chun na hoibre i gcleachtas gnóthach dochtúra teaghlaigh, agus ar mhaithe le fóillíocht, tugaim cuairteanna ar othair sa bhaile ar mo rothar. Sroichim m'othair níos tapúla mar nach gá dom smaoineamh ar thrácht ná ar pháirceáil. Tugann rothaíocht teachtaireacht dhearfach do m'othair, ní hamháin maidir le bheith gníomhach, ach mar gheall go bhféadfaidh carranna bheith ina gcomhartha ar stádas.

Mothaím i bhfad níos sáite sa phobal agus mé ag taisteal ar rothar. Feiceann tú i bhfad níos mó agus bíonn ceangal níos doimhne agat le daoine agus le háiteanna.

Ó thaobh na sláinte de, dom féin agus do m'othair, is tábhachtach í an rothaíocht, go háirithe agus ardú ag teacht ar easpa gníomhaíochta agus murtall i bPoblacht na hÉireann. Déanann rothaíocht maitheas don mheabhairshláinte. Nuair a bhainim an obair amach bím níos fuinniúla, níos meabhraí agus bíonn giúmar maith orm. Dá mbeadh níos lú carranna ar na bóithre bheadh caighdeán an aeir i bhfad níos fearr.

†Ciallaíonn 'faoi mhíchumas' freagróir ar bith a dúirt go bhfuil riocht fhisiciúil nó mheabhairshláinte ar bith orthu, nó tinneas ar bith a mhaireann nó a bhfuiltear ag súil go mairfidh 12 mhí nó níos mó.



# Neamhionannas sóisialta agus soghluaisteacht shóisialta


## An deis atá ag rothaíocht cabhrú le daoine

### Baineann soghluaisteacht le rochtain a fháil ar bhunriachtanais laethúla a chabhraíonn le daoine saol maith a chaitheamh

Cuireann soghluaisteacht ar chumas daoine rochtain a fháil ar fhostaíocht, ar bhia úr, ar spás glas agus ar chúram sláinte. Cuireann soghluaisteacht ar chumas daoine a dteaghlaigh a fheiceáil, a bheith rannpháirteach ina bpobail agus guth a bheith acu sa tsochaí.

### Bíonn sé deacair ag daoine nach bhfuil carr acu gnáthsheirbhísí a bhaint amach. Féadfaidh rothaíocht malairt rogha saor agus inrochtana a chur ar fáil

**An cion cónaitheoirí ó gach grúpa socheacnamaíoch* nach bhfuil carr ná veain ag a líon tí**




Is ó ghrúpaí socheacnamaíocha D agus E iad **29%** de dhaonra Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath. Is ionann sin agus thart ar **410,000** duine ar fad.

Ciallaíonn grúpaí D agus E daoine le poist láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe tí agus daoine nach bhfuil fostaithe.

### Ba mhaith le go leor cónaitheoirí ó ghrúpaí socheacnamaíocha D agus E tosú ag rothaíocht

**21%**

an líon cónaitheoirí ó ghrúpaí D agus E ar mhian leo tosú ag rothaíocht

**14%**


an líon cónaitheoirí ó ghrúpaí D agus E a bhíonn ag rothaíocht ar a laghad uair sa tseachtain faoi láthair

I gcomparáid leis sin, bíonn **27%** de chónaitheoirí ó ghrúpaí A agus B ag rothaíocht ar a laghad uair sa tseachtain.


*Is éard is grúpa socheacnamaíochta ann, rangú AIMRO bunaithe ar shlí bheatha

## Mar sin féin, tá go leor bacainní a chuireann cosc ar dhaoine ó na grúpaí sin a bheith ag rothaíocht

### Cúiseanna nach mbíonn cónaitheoirí ó na grúpaí socheacnamaíocha D agus E ag rothaíocht, nó go ndéanann siad níos lú rothaíochta




### Cion na gcónaitheoirí ó na grúpaí socheacnamaíocha a cheapann nach dá leithéid í an rothaíocht




Is féidir ceangal a dhéanamh idir duine a bheith ina 'rothaí' agus bheith ina chineál áirithe duine a bhfuil tréithe áirithe aige.


## Tá deis ag rothaíocht eisiamh sóisialta agus eacnamaíochta a laghdú

D'fhéadfadh rothaíocht cabhrú le go leor cónaitheoirí rochtain a fháil ar fhostaíocht, ar chúram sláinte agus ar ghnáthsheirbhísí, sa chás go ndéanfaimid rud tarraingteach, sábháilte agus éasca do chách den rothaíocht.

Is féidir os cionn 6 chiliméadar a thaisteal i 25 nóiméad ar luas breá réidh ar rothar. Mar sin, féadfaidh rothaíocht a bheith thar a bheith oiriúnach don saol uirbeach, go háirithe mar rogha do dhaoine nach bhfuil carr acu agus a chónaíonn níos faide amach ó iompar poiblí.

### Achar rothaíochta 25-nóiméad ó phríomhláithreacha

Chuirfeadh rothaíocht ar chumas **350,000** duine taisteal ón mbaile go dtí Droichead Uí Chonaill i níos lú ná 25 nóiméad, lena n-áirítear **34,000** duine ó cheantair atá i measc an 20% is mó faoi mhíbhuntáiste i bPoblacht na hÉireann.






**Mary Conway, múinteoir**

Tuigim an fáth nach mbíonn tuilleadh ban ag rothaíocht, tá sé ró-scanrúil rothaíocht ar na bóithre i mBaile Átha Cliath. Bhínn ag rothaíocht chun na scoile i lár na cathrach ach chuir ionsaitheacht na dtiománaí ón rothar mé.

Tá i bhfad an iomarca carranna ag teacht isteach chuig croílár na cathrach. Ba cheart í sin a choimeád d'iompar níos inbhuanaithe. Bheadh lánaí rothar tiomnaithe, níos fearr agus níos sábháilte iontach ar fad, amhail na cinn sa Ghearmáin, áit a bhfuil ceart slí ag rothaithe, go háirithe i gcriosanna i lár na cathrach.

Nuair a bhínn ag rothaíocht, bhí sé iontach don suaimhneas intinne. Bhínn in ann faoiseamh a fháil agus m'intinn a ghlanadh i ndiaidh na hoibre. Ach de bharr chúinsí strusmhara agus contúirteacha ar an mbóthar ar feadh na gCéanna, déanaim carr-roinnt anois. Bím ag rothaíocht mar chaitheamh aimsire, ach bíonn sé ró-chontúirteach an bóthar a roinnt ag buaic-amanna comaitéireachta. Tá feachtais feasachta poiblí de dhíth orainn chun rothaíocht a spreagadh agus ba mhaith liom lána rothar scagtha, tiomnaithe a fheiceáil ó Pháirc an Fhionnuisce go dtí lár na cathrach.

†Arna thógáil ón ardán travelTime, mapaí agaí taistil (cruthanna iseacróin): qgis. traveltimeplatform.com. Baineann sin úsáid as bunluas rothaíochta 16km san uair agus cuireann cineálacha raonta rothar agus acomhal san áireamh, ach ní chuireann fána san áireamh.



# Bacainní

## Céard a chuireann cosc ar chónaitheoirí Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath níos mó rothaíochta a dhéanamh?


**57%**
an líon daoine a cheapann gur áit mhaith é Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath le bheith ag rothaíocht. Ach is iomaí bacainní atá ann maidir le rothaíocht.

### Cúiseanna nach mbíonn roinnt cónaitheoirí ag rothaíocht nó ag rothaíocht chomh minic sin

| Cúis | % |
|---|---|
| Imní faoi shábháilteacht | 33% |
| Drochaimsir | 24% |

## Sábháilteacht an bhacainn is mó ar níos mó daoine bheith ag rothaíocht

**Cé na modhanna taistil a cheapann cónaitheoirí nach mór feabhas a chur ar shábháilteacht ina leith?**




**47%**
an líon cónaitheoirí a cheapann gur mhaith í an tsábháilteacht don rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath

**37%**
an líon a cheapann gur mhaith í an tsábháilteacht do rothaíocht leanaí

**Cé na saincheisteanna a cheapann cónaitheoirí gur thábhachtach iad chun sábháilteacht rothaíochta a fheabhsú?**


| Saincheist | % |
|---|---|
| Bealaí agus áiseanna a fheabhsú don rothaíocht shábháilte | 97% |
| Caighdeán níos fearr ar na bóithre agus níos lú poll iontu | 96% |
| Soilsiú níos fearr ar bhealaí rothaíochta i limistéir nach bhfuil soilsiú maith iontu | 96% |
| Feabhas ar iompar dhaoine eile a bhíonn ag rothaíocht | 95% |
| Feabhas a chur ar iompar dhaoine a bhíonn ag tiomáint carranna | 94% |
| Iompar frithshóisialta nó coiriúlacht a laghdú | 90% |
| An méid tráchta ar na bóithre a laghdú | 88% |
| An luas tráchta ar na bóithre a laghdú | 86% |

**77%** an céatadán sráideanna i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath a mbíonn trácht ag taisteal ar luas os cionn 30km/h orthu de ghnáth*

**91%** an méid líonta tí atá níos faide ná 125 méadar ó bhealaí a meastar dea-chleachtas a bheith ag baint leo**

*Gan mótarbhealaí san áireamh. NAVSTREETS, sonraí Catagóir Luais, ó thacar sonraí NAVTEQ.
**Sainmhínítear iad sin mar bhealaí nach mbíonn trácht orthu agus atá amach ó bhóithre agus raonta rothar ar feadh bóithre agus atá cosanta go fisiciúil in aghaidh tráchta agus coisithe.

## Tá stóráil slán rothar tábhachtach sa bhaile agus nuair a bhíonn daoine amuigh




Tuairiscíodh **3,934** chás de ghoid rothar i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath in 2018/19.

Tuairiscíodh goid rothar amháin in aghaidh gach **152** duine a bhfuil rothar do dhuine fásta acu le bliain anuas.


Tá spás páirceála poiblí rothar amháin ann in aghaidh gach **38** duine a bhíonn ag rothaíocht.

**36%**

an líon cónaitheoirí a cheapann go mbaineann slándáil mhaith le páirceáil poiblí rothar.

Féadfaidh slándáil sa bhaile a bheith ina riosca freisin, go háirithe in árasáin nuair is deacra rudaí a stóráil taobh istigh.

Tugtar ar aird go raibh freagróirí an tsuirbhé in ann níos mó na freagra amháin a roghnú.






**Alan Downey, Bainisteoir Innealtóireachta**

Beirim mo bheirt leanaí ar scoil gach lá ar mo rothar e-cargo agus bainim tairbhe as agaí comaitéireachta leanúnacha, easpa imní faoi pháirceáil agus feabhas a chur ar mo shláinte agus folláine. Táim sásta go bhfeiceann mo leanaí níos mó den chathair agus go bhfuil siad ag foghlaim faoin gcomhshaol agus faoi thaisteal gníomhach, seachas a bheith sáinnithe ar chúl cairr an t-am ar fad. Bíonn an rothar i bhfad níos solúbtha ná bus nó carr, agus níos tapúla freisin.

Mar sin féin, ach bheith ag taisteal ar rothar, tuigim an méid spáis a thugaimid do charranna. Tá cosáin chúnga sa chathair sin againne, is beag an líon lánaí rothar scagtha atá ann, cé go bhfuil bóithre leathana, il-lána ann. Is ag tiománaithe atá an tosaíocht ag gach acomhal agus in idirbhearta le coisithe agus le rothaithe. Bíonn siad ag páirceáil ar chosáin, ag blocáil crosairí agus déanann siad a rogha ruda gan phionós. Ní mór é sin a athrú le cathair níos éasca le bheith ag cónaí inti agus níos sábháilte le bheith ag rothaíocht inti a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath.

Tá bonneagar rothar tiomnaithe de dhíth orainn, lena dtugtar tosaíocht do rothair. Theip ar an oideachas do thiománaithe. Tá eagla ar go leor daoine bheith ag rothaíocht.

Má tá aon rud amháin ann a d'fhéadfadh feabhas a chur ar rothaíocht sa chathair, is dearadh acomhal é sin. Ní mór don lucht pleanála agus dearaidh machnamh a dhéanamh ar an tslí a ghluaisfeadh daoine ar rothair trí na hacomhail go sábháilte. Chabhródh sin le cathair níos comhtháite a chruthú, ina bhféadfaidh daoine bheith ag rothaíocht gan eagla orthu.




# Réitigh

## Céard a chabhródh le cónaitheoirí tuilleadh rothaíochta a dhéanamh?

### Is mian le go leor cónaitheoirí i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath a bheith ag rothaíocht

**54%**
an líon cónaitheoirí a mheasann gur cheart dóibh tuilleadh rothaíochta a dhéanamh

**Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin maidir le rothaíocht?**



Ní bhíonn ag rothaíocht agus ní mhian leo a bheith: **47%**

Bíonn ag rothaíocht go minic: **17%**

Bíonn ag rothaíocht anois is arís: **12%**

Ag tosú amach nó ag filleadh ar rothaíocht: **3%**

Ní bhíonn ag rothaíocht agus is mian leo a bheith: **21%**

### Teastaíonn bonneagar feabhsaithe rothaíochta ó chónaitheoirí

**Cén cion cónaitheoirí a cheapann go mbeadh feabhas ar an mbonneagar áisiúil maidir le níos mó rothaíochta a dhéanamh?**

| 70% | 69% | 68% | 61% |
|---|---|---|---|
| Tuilleadh bealaí rothar saor ó thrácht amach ó bhóithre, e.g. trí pháirceanna nó ar feadh uiscebhealaí | Tuilleadh raonta rothar ar feadh bóithre atá cosanta go fisiciúil in aghaidh tráchta agus coisithe | Tuilleadh bealaí rothar áitiúla, a bhfuil comharthaí ann ina leith, ar feadh na sráideanna níos ciúine | Naisc níos fearr le hiompar poiblí |
| Tá **86 km** de bhealaí rothar saor ó thrácht agus amach ón mbóthar i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath | Tá **84 km** de bhealaí rothar ann atá cosanta go fisiciúil in aghaidh tráchta agus coisithe | **224 km** de raonta rothar atá cothrom leis an gcosán, iad idirdhealaithe le dromchla difriúil | Tá spás páirceála rothar amháin ag stáisiúin traenach agus ag stadanna tram in aghaidh gach **102** paisinéir |

Mar sin féin, níl ach **9%** de na líonta tí laistigh de 125 méadar de na bealaí sin

**84%**
an líon cónaitheoirí (tromlach ollmhór) a thacaíonn le tuilleadh lánaí rothar cosanta a thógáil, fiú nuair a chiallaíonn sin níos lú spáis don trácht eile ar an mbóthar

Bíonn níos mó tráchta ar bhóithre náisiúnta agus réigiúnacha agus mar sin is orthusan is mó a bheadh deighilt fhisiciúil áisiúil don rothaíocht. Tá méid iomlán de **814 chiliméadar** de na bóithre sin ann i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath.

## Teastaíonn níos mó tacaíochta ó chónaitheoirí le bheith ag rothaíocht

**Cén cion cónaitheoirí a cheapann go mbeadh tuilleadh tacaíochta áisiúil maidir le níos mó rothaíochta a dhéanamh?**

| 60% | 51% | 47% | 39% | 36% |
|---|---|---|---|---|
| Feabhsuithe ar an scéim rothar dublinbikes | Cúrsaí oiliúna sa rothaíocht agus turais shóisialta | Rochtain ar rothar leictreach | Rochtain ar rothar lastais | Rochtain ar rothar oiriúnaithe (e.g. tríróthach nó rothar sínteach) |

**53%**
an líon cónaitheoirí a bhfuil teacht acu ar rothar do dhuine fásta

Baineann Baile Átha Cliath leas as an scéim sheanbhunaithe rothar i nduga, dublinbikes, atá i bhfeidhm i gcroílár na cathrach ó 2009, agus as Bleeperbikes, rothair nach mbíonn i ndugaí, atá ann ó 2018 agus ar féidir iad a úsáid agus a pháirceáil ar feadh chodanna níos mó de Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath.

**116**
stáisiún roinnt-rothar dublinbikes

**2,100**
rothar roinnte, idir chinn a bhíonn agus nach mbíonn i ndugaí

**3,947,677**
turas bliantúil ar rothair a bhíonn agus nach mbíonn i ndugaí

**48%**
an líon cónaitheoirí a cheapann gur scéim mhaith í Scéim dublinbikes



**Miguel Hidalgo, innealtóir**

Tá rothaíocht níos tapúla, i bhfad níos saoire agus níos iontaofa. Bhí frustrachas ag teacht orm agus mé ag fanacht ar an tram, agus tá iompar poiblí i mBaile Átha Cliath costasach.

Cabhraíonn rothaíocht liom cothromaíocht mhaith idir an obair agus an saol a bhaint amach. I ndiaidh lá fada san oifig, cabhraíonn 30 go 45 nóiméad rothaíochta liom dícheangail ón obair. Bealach maith í chun aistriú ón obair go dtí an saol pearsanta.

Shocraigh mé rothaíocht chun na hoibre mar gheall ar na saoráidí arna gcur ar fáil i m'oifig. Tá an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre i bhfeidhm agus tá folcadáin, seomra chun éadaí a thriomú agus páirceáil rothar atá clúdaithe agus slán ann.

Mura mbeadh na saoráidí sin ag mo chuid oibre, ní rachainn chun na hoibre ar rothar. Taitníonn sé liom cithfholcadh a thógáil agus mothú friseáilte agus ullamh don lá.


Mhol mé do bheirt nó triúir de mo chomhghleacaithe bheith ag rothaíocht gach lá ach na buntáistí sláinte don chorp agus don intinn a bhaineann le rothaíocht a mhíniú dóibh. Mothaím i bhfad níos múscailte agus táirgiúla nuair a mbainim an obair amach ar an rothar.



## Ceapann cónaitheoirí go gcabhródh níos lú mótarfheithiclí le rothaíocht a mhéadú agus áit níos fearr a dhéanamh dá gceantar


Tarlaíonn gortú tuairiscithe ón rothaíocht uair amháin gach **650,000 ciliméadar** a rothaítear timpeall Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath. Cé gur sách annamh iad gortuithe, ní rud tarraingteach d'fhormhór na ndaoine é go gcaitear an bóthar a roinnt le mótarfheithiclí.

**Cén cion cónaitheoirí a cheapann go mbeadh bearta bainistithe tráchta áisiúil maidir le níos mó rothaíochta a dhéanamh?**





**63%**
an líon cónaitheoirí a cheapann go bhfuil an iomarca daoine ag tiomáint ina gcomharsanacht

**23%**
an líon sráideanna i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath ar chóir go mbeadh trácht ag taisteal ar luas faoi 30km/h orthu, de ghnáth*





**An cion cónaitheoirí a thacaíonn le bearta chun áiteanna a fheabhsú do dhaoine**





## Teastaíonn tuilleadh infheistíochta in iompar poiblí, rothaíocht agus siúl ó chónaitheoirí

**An cion cónaitheoirí ar mhian leo go gcaithfeadh an rialtas tuilleadh airgid ar chineálacha éagsúla iompair**




Tacaíonn an pobal le roinnt beart beartais a d'fhéadfaí a úsáid chun cabhrú le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú.

**An cion cónaitheoirí a thacaíonn le bearta bainistithe tráchta, agus atá ina n-aghaidh**




Faightear luach maith ar airgead ach infheistiú i soláthar a dhéanamh do rothaíocht agus bíonn torthaí níos fearr aisti ná mar is amhlaidh i gcás go leor roghanna eile. Mar shampla, luaitear in 'Walking and Cycling Economic Benefits summary pack' de chuid Transport for London, go gcuirtear sochair £13 ar ais sa gheilleagar ar gach £1 a chaitear ar shiúl agus ar rothaíocht.



*Gan mótarbhealaí san áireamh. NAVSTREETS, sonraí Catagóir Luais, ó thacar sonraí NAVTEQ.



# Rothaíocht a fheabhsú

## Cén chaoi a raibh rothaíocht á forbairt ag Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath?



Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) plean um Ghréasán Rothaíochta do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ina mbeartaítear an gréasán rothaíochta uirbeach a mhéadú chuig os cionn 1,485 ciliméadar ar fhad

Tá fás suntasach, a bhfuil fáilte roimhe, tagtha ar rothaíocht i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas. Tá ardú leanúnach ag teacht ar an líon daoine a bhíonn ag rothaíocht mar thoradh ar chúinsí éagsúla, lena n-áirítear oscailt Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, agus an cosc ar thrucailí móra bheith ar shráideanna lár na cathrach dá bharr, chomh maith le Scéim Sábhála Cánach um Rothaíocht Chun na hOibre, bonneagar feabhsaithe agus cur i bhfeidhm na scéime rothar ar cíos, dublinbikes.

Rinne ÚNI plean um ghréasán rothaíochta do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2013. Beartaítear sa phlean uaillmhianach sin an gréasán rothaíochta uirbeach a mhéadú go dtí os cionn 1,485 ciliméadar ar fhad agus saoráidí ardchaighdeáin a sholáthar chun lucht rothaíochta nua a mhealladh, chomh maith le freastal ar an líon rothaithe atá ann cheana féin agus a bhfuil ardú ag teacht air seasta.

Bhí tionchar ag cúinsí éagsúla ar sheachadadh an ghréasáin rothaíochta, lena n-áirítear éifeachtaí na géarchéime airgeadais in 2008 agus an cúlú eacnamaíochta a tharla ina dhiaidh sin, easpa maoinithe ilbhliantúil don rothaíocht ar feadh roinnt blianta, chomh maith leis na gnáthfhadhbanna pleanála agus dearaidh a bhaineann le spás bóthair a ath-leithdháileadh chun feabhsúcháin do mhodhanna taistil inbhuanaithe a sholáthar.

D'ainneoin na ndúshlán sin, tá dul chun cinn mór déanta ar ghnéithe den ghréasán a thabhairt chun críche. I gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla agus le gníomhaireachtaí stáit eile, soláthraíodh tuairim is 50km de bhonneagar rothaíochta nua nó feabhsaithe, 174 feabhsúchán ar acomhail, 2,110 spás breise do pháirceáil rothar, 7 ndroichead nua agus Scéim Rothair Phoiblí leathnaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath idir agus deireadh 2019.

Tá ardú curtha go leanúnach ag an ÚNI ar a infheistiú bonneagair do rothaíocht. Tháinig ardú ar an gcion maoinithe a leithdháileadh ar rothaíocht faoin gclár Deontas um Bearta Iompair (STMG), ó 24.3% in 2011, go 75% in 2019. In 2019, chaith an ÚNI níos mó ná €19.1M ar thionscadail rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (ardú ó €13.4M in 2018, agus €9.3M in 2017). Foilsíonn an ÚNI tuarascálacha bliantúla ar infheistíocht.

Tá scéim Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don phobal um rothair a roinnt agus a fháil ar cíos, 'Just Eat dublinbikes', 11 bhliain ar an bhfód anois. Tá an-tóir ar an scéim sa chathair. Tá 116 stáisiún agus 1,600 rothar i ndobharcheantar lár na cathrach. Leis an síneadh is déanaí ar an scéim in 2018, díríodh ar cheantar Ghráinseach Gormáin de Bhaile Átha Cliath, ceann de na ceantair forbartha is suntasaí i gCathair Bhaile Átha Cliath, ina bhfuil campas comhtháite Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus 10,000 mac léinn.

### Páirceáil rothar

Tá an ÚNI tiomanta maoiniú a thabhairt do thuilleadh páirceála rothar ar feadh réigiún Bhaile Átha Cliath. Thosaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar thionscnamh ollmhór chun páirceáil carranna ar an tsráid a ath-leithdháileadh mar pháirceáil rothar. Le maoiniú ón ÚNI, chuir an clár seo 970 spás breise ar fáil i bpríomh-chinn scríbe i lár na cathrach. Ina theannta sin, méadaíodh an tsaoráid iata páirceála rothar a ndéantar monatóireacht uirthi ar an mBóthar Beag i lár na cathrach in 2017. I gCeantar Chomhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, cuireadh 587 spás páirceála rothar ar fáil idir 2017 agus 2019.

### Athrú iompraíochta

Cé gur riachtanach é timpeallacht chuí don rothaíocht a sholáthar, is den tábhacht chéanna é cláir chumasaithe a chur ar fáil chun cabhrú le lucht Bhaile Átha Cliath rothar a roghnú dá gcuid turas. Tá maoiniú tugtha ag an ÚNI do chláir athrú iompraíochta le blianta fada anuas, ag díriú ar chláir d'fhostóirí móra agus ar an tríú leibhéal (Taisteal Níos Cliste chuig an Áit Oibre/chuig an gCampas), agus ar an gclár taistil do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, Scoileanna Glasa. Trí bhíthin na gclár sin, éascaíodh d'athrú suntasach ar mheon na ndaoine maidir le rothaíocht agus saoráidí ag cinn scríbe a sholáthar, chomh maith le cur leis an gcultúr rothaíochta atá ag fás i mBaile Átha Cliath.

### An Oifig um Dhearadh Rothaíochta

Bhunaigh an ÚNI Oifig um Dhearadh Rothaíochta (ODR) in 2019 chun cabhrú le tionscadail rothaíochta a sholáthar i mBaile Átha Cliath, taobh amuigh de na bearta maidir le Bus Connects. Díreoidh an fhoireann dhearaidh thiomanta nua ar scéimeanna i lár Chathair Bhaile Átha Cliath ar dtús, lena n-áirítear Bealach Rothaíochta na Life. Tá dearadh agus soláthar an chláir Lánaí Rothar Cosanta á chur i bhfeidhm ag an ODR ar bhonn píolótach ar feadh MUBÁC.










# Rothaíocht sa todhchaí

## Ár n-uaillmhian agus ár bpleananna chun í a bhaint amach

### Plean Feidhmíochta Rothaíochta 2020-2024

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an gcur chuige foriomlán maidir le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath:

- Áiseanna rothaíochta faoin gclár BusConnects;
- Gréasán Rothaíochta MUBÁC ar bhealaí nach mbaineann le Bus Connects; agus
- Gréasáin Rothaíochta uasghrádaithe/scagtha fo-uirbeacha faoi chlár tús áite.

Tabharfar tacaíocht don chlár bonneagair sin trí bhíthin:

- Oifig um Dhearadh Rothaíochta an ÚNI;
- Cláir um athrú iompraíochta i Scoileanna/ Áiteanna Oibre agus ar Champais; agus
- Feabhsúcháin ar na scéimeanna reatha um roinnt rothar i mBaile Átha Cliath.

Tá mionsonraí thíos faoi chuid de na gnéithe sin:

### BusConnects

Is éard atá in BusConnects, plean an ÚNI chun taisteal ar bhusanna agus rothaíocht i mBaile Átha Cliath a fheabhsú. Ceann de na príomhthionscnamh is iad na Croíchonairí Bus, faoina mbeartaítear 230km de lánaí bus agus 200km de raonta rothar scagtha a thógáil ar 16 phríomhbhealach isteach sa chathair.

Fágann sin gurb é BusConnects an tionscadal bonneagair rothaíochta is mó agus is uaillmhianaí riamh i stair an stáit. Ghlac an pobal páirt an-mhór sna haighneachtaí agus beartaítear an plean a chur isteach le haghaidh ceadú reachtúil in 2020. Cuirfear tús le tógáil ar bhonn céimnithe ó 2021 go 2027. Beidh suas le 2 bhliain i gceist chun an t-uasghrádú ar gach conair a thabhairt chun críche.

Áirítear ar Ghréasán Rothaíochta MUBÁC a bhrú chun cinn, príomhthionscadail rothaíochta:

### Bealach Rothaíochta na Life

Tá mar aidhm le Bealach Rothaíochta na Life áis 5km ar fhad a bheidh slán, leanúnach agus scagtha a chur ar fáil, sa dá threo, idir Páirc an Fhionnuisce, Stáisiún Heuston agus Droichead Thomáis Uí Chléirigh (Droichead an Nascbhóthair Thoir, mar a tugadh air roimhe). D'fhoilsigh an ÚNI agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Rogha Molta don Tionscadal Bealach Rothaíochta na Life i mí Aibreáin 2019. Chuir comhairleoirí cathrach agus Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath fáilte roimh an phlean.

### Féarbhealach na Dothra

Cuireann forbairt ar bhealach siúil agus rothaíochta 17km ar feadh Abha na Dothra deis mhór ar fáil chun cur leis an rothaíocht. Ceanglaíonn sé an ceantar gnó i nDugthailte Chathair Bhaile Átha Cliath leis na bruachbhailte ó dheas agus ar aghaidh chuig deiseanna áineasa ag taiscumar Bhóthar na Bruíne. Tabharfar trí dhroichead atá mar chuid den fhéarbhealach sin chun críche in 2020.

### Conair an Chósta Thoir

Ach an féarbhealach cósta seo a fhorbairt, soláthrófar príomhchuid den Ghréasán Rothaíochta. Ceanglófar daonra mór le deiseanna fostaíochta agus oideachais, agus cuirfidh Cuan Bhaile Átha Cliath chun cinn mar cheann scríbe áineasa. Osclófar cuid 2km ar fhad idir Baile Dúill agus Port Mearnóg in 2020.

### Féarbhealach na Canálach Ríoga

Is príomhghné den Bhealach Náisiúnta Rothaíochta, Baile Átha Cliath go Gaillimh, é an tionscadal seo atá 18km ar fhad agus a théann trí cheantair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Chomhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Chill Dara. Cuireadh tús leis an tógáil ar chuid 600m den Fhéarbhealach ar Shráid an tSirriam, i gcroílár Chathair Bhaile Átha Cliath in 2019 agus cuirfear tús leis an gcuid 2km in aice leis go dtí Bhaile Phib in 2020.

**Nótaí ar théarmaíocht agus ar mhodheolaíocht::**

Rinne an chuideachta taighde B&A an suirbhé ar dhearcthaí ó mhí an Mheithimh go mí Iúil 2019.

Déantar ionadaíocht ar chónaitheoirí uile Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath sa suirbhé, ní hamháin ar na daoine sin a bhíonn ag rothaíocht.

Baineadh úsáid as slánú sa tuarascáil go léir.

Tá tuilleadh eolais agus modheolaíocht mhionsonraithe le fáil ag **www.sustrans.org.uk/bikelife**

---

Sustrans an carthanas a éascaíonn do dhaoine a bheith ag siúl agus ag rothaíocht.

Ceanglaímid daoine le háiteanna, cruthaímid comharsanachtaí atá éasca le bheith ag cónaí iontu, cuirimid claochlú ar an turas chun na scoile agus cuirimid comaitéireacht níos sona agus níos sláintiúla ar fáil. Tóg aistear in éineacht linn. **www.sustrans.org.uk**

Is carthanas cláraithe é Sustrans sa Ríocht Aontaithe, Uimh. 326550 (Sasana agus an Bhreatain Bheag) SC039263 (Albain).

© Sustrans Márta 2020
© Grianghraif: Kieran Ryan

---

Is comhlacht reachtúil, neamhthráchtála é An tÚdarás Náisiúnta Iompair, a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Féachann An tÚdarás Náisiúnta Iompair le príomhstraitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena soláthrófar iompar ardcháilíochta, inrochtana agus inbhuanaithe, ar deireadh, a cheanglóidh daoine i bpobail ar feadh Phoblacht na hÉireann.

---

Fuair Bike Life Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair. Sustrans a dhéanann comhordú ar an tionscadal.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



sustrans
JOIN THE MOVEMENT